

Straitéisí Tinrimh

Aidhmeanna :

- 1 Chun tinreamh scoile rialta a spreagadh i measc na scoláirí
- 2 Chun riachtanaisí an NEWB a chomhlíonadh

Ceangal le Ráiteas Misin na Scoile

Tá dea –thinreamh thar a bheith riachtanach chun meas ar an fhoghlaim a spreagadh i measc na scoláirí agus chun cur le forbairt an dalta ina iomláine .

Eolas

Cuirtear na tuismitheoirí / caomhnóirí ar an eolas fés na nósanna imeachta ‘as láithreachais ag cruinniú ginearálta eolais roimh thosnú dá mac/ iníon sa scoil agus i scríbhinn i litir roimh oscailt na scoile taréis saoire an tSamhraidh agus i nDialann Pearsanta an scoláire freisin .

Cuirtear ar a súile do thuismitheoirí ar a laigheadh uair sa bhliain go bhfuil dea thinnreamh agus púncúlacht thar a bheith riachtanach chun meas ar an bhfoghlaim a spreagadh i measc scoláirí .

Chun cuidiú le rialacháin tinrimh scoile go ginearálta cuirfear Príomhoidí na mBunscoileanna ar an eolas gach Meán Fómhair maidir leis na scoláirí óna scoil siúd atá cláraithe linn agus atá ag freastal ar ár scoil sa Chéad Bhliain . Déanfar amhlaidh le Príomhoidí Iarbhunscoileanna óna n-aistríonn scoláirí chughainn am ar bith i rith na scoilbhliana .

Ár gcur chuige

- 1 Tá dialann ag gach múinteoir agus tá sé ina pholasaí scoile go gcoiméadfaidís rolla tinnrimh do gach rang .
- 2 Glaotar an rolla i ngach rang i rith an chéad tréimhse ar maidin . Deintear é seo ag úsáid an chórais Facility ar na ríomhairí atá i ngach seomra ranga .

3 Má tá scoláire déanach ag teacht chun na scoile ar maidin nó taréis lóin , síníonn said isteach ag Príomh Oifig na Scoile sa leabhar síniú isteach na bliana cuí . Taréis síniú isteach deineann an Rúnaí na h-athraithe cuí ar an Clár Facility .

Cuirtear stampa ‘déanach’ ar an Dialann Pearsanta atá ag an scoláire agus taispeánann sé /sí é seo ar dhul chuig a ranga dó /di . Má tá 2 stampa ‘déanach’ sa Dialann I rith seachtaine nó tréimhse leanúnach 5 lá cuirfidh an Oide Ranga san in iúl don Oide Bliana agus beidh ar an scoláire tréimhse ‘ar choiméad’ tráthnóna Aoine a dhéanamh taréis don Oide Bliana na socraithe cuí a bheith déanta leis an tuismitheoir /caomhnóir .

4 Deintear ar a laigheadh gloch rolla amháin breise san iarnóin agus deineann an bhainaistíocht comparáid idir rolla na maidne agus an rolla seo .

5 Tá leabhar síniú amach san Oifig le síniú ag an scoláire . Ní foláir cead Oide Bliana /Príomhoide Tánaisteach / Príomhoide d’fháil chun síniú amach agus nóta le míniú a bheith sínithe ag tuismitheoir /caomhnóir .

6 Tá Dialann Pearsanta ag gach scoláire . Tá foirmeacha ar leith sa Dialann /Leabhairín ar leith chun nótaí mínithe asláithreachtaí / déanach /síniú amach a chur go dtí an scoil . Caithfear iad seo a fhágaint in Oifig na Scoile ar an slí amach i gcás síniú amach nó san Oifig nó don Oide Ranga /Oide Bliana ar filleadh chun na scoile sna cásanna eile .

7 Cinnteoidh an Oide Bliana go bhfuil na nótaí seo suas chun dáta agus in ord i gcás gach soláire . Raghaidh said i dteagmháil le tuismitheoir/caomhnóir más gá .

8 Seiceáiltear rolla na maidne agus ag braith ar an bpátrún ‘as láthair’ cuireann Oide Bliana /Príomhoide Tánaisteach / Príomhoide glochanna abhaile. Tá leabhar ar leith san Oifig chun logáil a dhéanamh ar na glochanna seo agus chun mínithe a nótaíl .

9 Seiceáiltear an pátrún síniú amach agus má tá buairt /amhras ar bith faoi téitear i dteagmháil mar atá i 8 thuas .

10 Is féidir le gach oide sa scoil dul isteach sa Chlár Ríomhaireachta Tinrimh am ar bith i rith an lae scoile ,má thugann said mí rialtacht ar bith faoi ndeara cuireann said san in iúl do Oifig na Scoile/Oide Bliana /Príomhoide Tánaisteach / Príomhoide .

11Tá litir caighdeánach again a seoltar go dtí tuismitheoir /caomhnóir scoláire maidir le droch thinreamh scoile i.e. as láithreach níos mó ná 15 lá . De ghnáth is an Príomhoide Tánaisteach a dheineann é seo .

12 Pléitear tinreamh scoláirí go rialta ar a laigheadh uair sa téarma sa chruinniú seachtanúil Disciplíne , ag eascairt as seo deineann an Oide Bliana teagmháil le tuismitheoir / caomhnóir más gá . Cuirtear gach tacaíocht ar fáil do scoláirí le deacrachtaí tinrimh m.s. Séiplíneach , *Comhairleoir na Scoile* .

13 Deintear gach comhoibriú leis an Oifigeach Leasa Oideachais maidir le gach ábhar/ buairt a bhaineas le tinnreamh scoile scoláire .

14 Cuirfear ar fáil gach eolas cuí a iarann an t-Oifigeach Leasa / NEWB agus déanfar na foirmeacha cuí a sheoladh de réir mar atá leagtha síos sna rialacha / Acht . Bainaistíocht ag plé leis seo .

15 Sa chás go mbíonn dualgas freastal scoile rialta go dlithúil ar scoláire^A agus go mbíonn 'as láithreach , 20 lá nó níos mó ag scoláire cuirtear san in iúl láithreach don Oifigeach Leasa Oideachais

A: Scoláire faoi bhun 16 bliain d,aois nó nach bhfuil trí bliana oideachais iarbhunscoile déanta aige /aici .

16 Tá ar gach soláire a bheith in am i ngach rang atá leagtha síos dóibh . Níl cead acu a bheith amuigh as an rang ar chúis ar bith gan san a bheith údraithe ag an múinteoir , ba chóir dóibh an cárta cuí a bheith ar iompar acu faid is atáid timpeal na scoile ar chúram éigin .

17 Tugtar duaiseanna amach sa tSamhradh dos na scoláirí ar lán tinnreamh .

18 Baineann cothú dea nósanna thinnreamh scoile le gach ball foirne sa scoil seo againne .

Cur i bhfeidhm

Tá an fhreagracht ar an bhainaistíocht i gcomhar leis na h-Oidí Bliana le comhoibriú na bpáirtnéirí leasmhara go léir .

Beidh plé rialta ar na staitéisí seo ag cruinnithe Foirne , ucrinnithe Comhairle na Micléinn agus ag cruinnithe Chomhairle na dTuismitheoirí . Cuirfear moltaí leasaithe ar aghaidh go cruinnithe de réir mar is gá .

Ghlac an Bord leis na Straitéisí ar an -----

Tógtar aird sa pholasaí seo ar Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBuncoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoileanna (Ciorclán 0065/2011)